

# Teagmháil NMD

Teagmháil IMD lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil 2017/2018



Ag freastal ar an Dún  
agus Ard Mhacha Theas  
Serving Down  
and South Armagh



Comhairle Ceantair  
**an Iúir, Mhúrn agus an Dúin**  
**Newry, Mourne and Down**  
District Council

## Clár ábhair

|  |    |
|--|----|
| Teachtaireacht an Chathaoirligh              | 2  |
| Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh     | 3  |
| Príomhéachtaí                                | 3  |
| Ag cumasú ár bpobail                         | 9  |
| Ag déanamh difir                             | 12 |
| Ag caomhnú ár gcomhshaoil                    | 17 |
| Ag pleanáil don toadhcháil                   | 19 |
| Ag obair i gcomhpháirtíocht                  | 22 |
| <b>Tuarascáil Bhliantúil</b>                 |    |
| Athchúrsáil— Tá sé dlite orainn é a dhéanamh | 26 |
| Comharsanachtaí atá níos sábháilte           | 27 |
| Cad é mar a déirigh linn                     | 28 |
| Mar a chaitear do chuid airgid i 2017/18     | 29 |
| Do chuid Comhairleoirí                       | 30 |



**Clúdach Tosaigh:**  
Sonraí an ghrianghrafadóir

Carn Cúirte Bhaile Mhic  
Diarmada, Ard Mhacha Theas

Grianghraf: Alan Hopps,  
Buaitéir Chomórtas  
Ghrianghrafadóireachta Fáinne  
Cnoc Shliabh gCuillinn 2018

## Déan teagmháil linn


### SEOLADH:

Oifig an Lúir  
Rae Mhuineacháin  
An tLúir, BT35 8DJ

**An Chomhairle** 0300 013 2233  
**Pleanáil** 0300 200 7830

Oifig Dhún Pádraig  
Ionad Cathartha an Dúin  
Bóthar Ard Ghlais  
BT30 6QU

**An Chomhairle** 0300 013 2233  
**Pleanáil** 0300 200 7830  
**Email:** info@nmandd.org

 /nmdcouncil

 @nmdcouncil

## Teachtaireacht an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin, ó mhí na Bealtaine seo caite, tá mé fíorbhródúil gur éirigh liom bualadh leis an oiread sin dár bpobal áitiúil, dár ngrúpaí pobail agus gnólachtaí ar fud an cheantair leis an obair nuálach atá ar bun acu a fheiceáil, obair a chuireann lenár gceantar a dhéanamh níos bríomhaire agus níos fáiltí mar áit.

Ba mhór an chúis áthais dom tacaíocht a thabhairt do réimse leathan imeachtaí, grúpaí pobail agus tionscnaimh ghnó — idir fhéilte chun feabhas a chur ar ár dtimpeallacht uirbeach agus tuaithe, agus tionscnaimh chun an geilleagar agus an tsochaí áitiúil a fheabhsú. Tá cúrsaí sláinte agus cúram sláinte i gcoilár na dtosaíochtaí atá agam agus ba mhór agam a bheith i mbun caidreamh comhoibritheach le Comhairle, Iontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an

Deiscirt agus an Oirdheiscirt, leis an tSeirbhís Otharchairr, agus le grúpaí pobail chun a chinntiú go mbeidh cur chuige straitéiseach agus cur chuige i gcomhar a chéile ann.

Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí ar chumas ár bpobail oibriú le chéile chun leasa ár saoránach uile má táimid le sochaí a thógáil atá cuimsitheach agus measúil. Bhí lúcháir orm, dá réir sin, gur ainmníodh grúpaí ón Lúir agus ó Shliabh Crúibe as a gcuid oibre chun a bpobail a neartú sna duaiseanna Tús Áite.

Bím an-tiomanta i dtreo tacú lenár gcomhlachtaí áitiúla ina n-iarrachtaí chun a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Chomhairle de réir mar a chuirtear lena ngnó, agus is amhlaidh is mó a bhíonn sé sin le feiceáil san oll-iarracht chun luas agus rochtain ar an leathanbhanda a fheabhsú. Tá ról ríthábhachtach ag an leathanbhanda lena chinntiú gur féidir linn dul san iomaíocht go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus molaím go mór gach iarracht atá déanta ag ár gComhairle maidir leis na ceantair nach mbíonn aon tseirbhís le fáil iontu a aibhsiú nó cuirfidh sé sin an bonn fianaise ar fáil chun scéimeanna a thabhairt isteach d'fhonn na seirbhísí sin a fheabhsú go suntasach.

Déanann an tionscnamh Tacaigh le Táirgí Áitiúla, a spreagann go gceannaímis earraí áitiúla, seirbhísí áitiúla agus bia áitiúil, ní hamháin mar go ndéanann sé maitheas don fhás inbhuanaithe agus go gcothaíonn sé é ach cuidíonn sé le difear a dhéanamh agus leis an phobal a thabhairt le chéile. Tá lúcháir orm go mbeidh níos mó margaí ealaíne bia agus ceardaíochta ag teacht go dtí Dún Pádraig agus go dtí an Caisleán Nua i mblíana. Tá a fhios agam go mbeidh an-rath orthu seo agus tá mé ag súil go mór le tacú leis na hiarrachtaí seo.

Mar shochaí, tuigimidne, níos mó ná riamh, an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach sa saol — ní hamháin mar gheall ar an dea-tionchar a bhíonn aige sin ar ár sláinte féin, ach chomh maith leis sin d'fhonn caighdeán maireachtála ár saoránach uile a fheabhsú. Ba ábhar bróid dom é ár n-ionad fóillíochta breá nua a oscailt ar an Lúir, atá anois ar oscailt dár bpobal ar fad le taitneamh a bhaint as. Ba chúis mhór áthais domh tacú le seoladh ár bhfeachtas 'Bí Aclaí' i mblíana, feachtas a chuideoidh le daoine aonair chun a stíl mhaireachtála a fheabhsú chomh maith le níos mó daoine a spreagadh chun páirt a ghlacadh i spórt agus in aclaíocht fhisiciúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuidigh liom agus mé i mo Chathaoirleach agus leo siúd a roinn a gcuid clár agus a dtionscadail. Tá mé ag súil go mór lena n-éachtaí ar fad a cheiliúradh sna míonna atá amach romhainn.

Cathaoirleach

An Chomhairleoir Róisín Uí Mhaolchraoibhe

## Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh



Nuair a d'fhéach muid siar ar an méid oibre a rinne an Chomhairle le bliain anuas, is féidir linn a bheith bródúil as na héachtaí atá déanta againn.

Lean muid linn de bheith ag seachadadh ár dtosaíochtaí straitéiseacha corparáideacha chun clú an cheantair a fheabhsú mar áit ina mbíonn cuid mhór gníomhaíochtaí turasoíreachta, fóillíochta agus gnó.

Ceann de na príomhghníomhartha atá againn i mbliana ná oscailt ionad fóillíochta nua an Iúir, ionad ar chostas £22m, agus atá, cheana féin, ag athrú an bealach a gcuirimid deiseanna spóirt, folláine agus cleachtadh coirp ar fáil dár saoránaigh. Beidh tabhairt isteach an fheachtais 'Bí Aclai' ina chuidiú an-mhór ar bhonn fadtéarmach chun an sprioc atá againn le ceantar rathúil, sláintiúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn a bhaint amach.

I mbliana d'oibrigh muid go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa rialtas, san Aontas Eorpach agus ar fud oileán na hÉireann chun feabhas a chur ar naisc iompair agus ar an chuma atá ar ár mbailte agus ar ár gcathracha. Tá pleananna straitéiseacha uaillmhianacha againn do Bhaile na hInse, do Dhún Pádraig, don Iúir agus don Phoirt agus tá pleananna againn chomh maith chun cuan Chill Chaoil a fhorbairt. Agus iad tugtha chun críche, cuideoidh na scéimeanna seo linn lán ár gcumais a bhaint amach le bheith mar phríomhcheantar do ghnólachtaí agus do chónaitheoirí araon.

Lean muid linn ag seachadadh seirbhísí riachtanacha do shaoránaigh uile an cheantair agus tá iarrachtaí láidre déanta againn chun cúrsaí feidhmíochta maidir le gach rud a dhéanaimid a fheabhsú. D'éirigh linn méid na dramhaíola a bhailíonn muid in araidí dhubha a laghdú tuilleadh; i mbliana bhí laghdú 7% ar an dramhaíl a chuirtear in araidí dhubha agus tá méadú 45% ar an dramhaíl a chuirtear in araidí dhonna bhruscair— is comhartha cinnte é sin go bhfuil níos mó daoine ag éisteacht lenár dteachtaireacht faoin athchúrsáil. Tá a fhios agam go leanfaimid orainn ag seachadadh dár bpobal ar fad i rith na bliana amach romhainn agus tá mé ag súil go mór leis na tionscadail a chur chun cinn.

An Príomhfheidhmeannach  
Liam Hannaway



## Duais airgid don Chaisleán Nua

D'éirigh leis an Chaisleán Nua arís eile sa chomórtas 'An Bhreatain faoi bhláth' agus bhuaigh sé gradam airgid i mbliana, tar éis dó rath a bhaint amach sa chomórtas céanna anuraidh. Bhí iomaíocht ghéar ann i mbliana agus 78 mbaile ar fad páirteach sa bhabhta ceannais, idir iarrthóirí áitiúla agus náisiúnta istigh ar an chomórtas leis an ghradam seo a bhaint nó is gradam é a bhronnann aitheantas ar na bailte nó ar na sráidbhailte a bhfuil na plandaí agus na scéimeanna gairneoireachta is áille ar fad acu.

An Cathaoirleach, Róisín Uí Mhaolchraoibhe in éineacht le moltóir 'An Bhreatain faoi bhláth' Richard Badge



## Bronnadh an gradam is airde ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin le haghaidh na hInbhuanaitheachta

Bronnadh an gradam is airde ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin dar teideal 'An Bainisteoir Fuinnimh' is fearr ag na duaiseanna irise mór le rá 'Éire Inbhuanaithe' i mbliana. Sa ghradam féin tugadh aitheantas do Ciarán Óg Mussen as a dhíograis agus a shaineolas i dtaca le roinnt córas éagsúla fuinnimh a thabhairt chun cinn le linn a chúig bliana leis an Chomhairle. Ní hamháin gur éirigh leis na tionscadail rathúla seo a chur chun feidhme, ach chruthaigh a chuid tionscadal coigilteas bliantúil don Chomhairle de luach £86,000 chomh maith le feasacht éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn laistigh den Chomhairle agus sa phobal i gcoitinne.

# Bliain na Féile

Bhí **cúig mhórimeacht** ar siúl i rith bhliain na féile in 2017 le teacht ar ais don tsraith Giant Adventure, a seoladh in 2016 agus na sluaite móra ag tarraingt ar réimse leathan tírdhreach, sléibhte agus imeallbhord nach bhfuil a leithéid le fáil áit ar bith eile.

**#1** Cuireadh tús úr leis an bhliain leis an imeacht Coiscéimeanna sa Choill inar nascadh cúrsaí oidhreachta, siúlóidí agus aonach bia baile i bPáirc Foraoise Shliabh gCuillinn i mí an Mheithimh – turas beag ar na flaithis don bheadaí bia agus na táirgeoirí áitiúla ann mar léiriú ar an uile rud atá le tairiscint ag an cheantar.

## Coiscéimeanna sa Choill



**#2**

Dá mb'fhearr leat páirt níos gníomhaí a ghlacadh, bhí Féile Scife ann, féile a bhí ar siúl i bPáirc Thuaithe Delamont i mí Iúil. Ghlac níos mó ná 1,000 duine páirt sa rás rámhaíochta idirnáisiúnta agus thóg 50 grúpa pobail a gcuid scifeanna féin roimh an rás rámhaíochta. Bhí spraoi ceart ann!

## Féile Scife



**GIANT**  
ADVENTURES



**#3** Bíonn Féile na hEitilte i gcónaí mar bhuaicphointe an tséasúir, agus na Saighid Dhearga cáiliúla a cur ar taispeáint a gcuid éachtaí iontach aerárthaí lena n-áirítear an Spitfire íocónach.

## Féile na hEitilte



## Múscaill an Fathach

**#4**

Reáchtáladh an dara féile Múscaill an Fáthach, ar an Phointe ag deireadh mhí Lúnasa, is féile é seo atá faoi anáil an mhórmhiotais áitiúil den Fháthach a chodlaíonn ar Shléibhte Chuaille. Bhí amharclannaíocht bheo ar siúl ann chomh maith le ceol agus ceardlanna ceardaíochta do pháistí agus chuir siad seo ar fad leis an dea-atmaisféar de réir mar a rinne an Chailleach Bhéarra a seacht ndícheall leis an fháthach Finn a choinneáil faoina geasa codlata.



**#5**

Ba é an t-imeacht is úrnua a bhí ar siúl le linn na saoire ná an fhéile trí lá dar teideal Cathair na gCeannaithe ag ceiliúradh oidhreacht shaibhir mhuirí agus tionsclaíoch an Lúir trí chlár samhlaíoch imeachtaí, siamsaíochta, bia agus deoch, rud a tháinig chun críche ar cheann de na taispeántais tinte ealaíne is iontaí dá raibh le feiceáil riamh sa cheantar.



## Cathair na gCeannaithe



Níl anseo ach blaisín beag de na rudaí a bhí ar siúl sa cheantar.

Mhaoinigh an Chomhairle go leor leor imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile i rith na bliana. Tugadh tacaíocht do thart ar 20 grúpa agus eagraíochtaí lena gcuid imeachtaí, lena n-áirítear ceiliúradh um Shamhain agus um Nollaig.

Tá pleananna anois ar na bacáin chun clár nua turasóireachta agus imeachtaí a chur le chéile don bhliain 2018, lena n-áirítear bliain eile d'eachtraí ollmhóra. Is féidir teacht ar na mionsonraí ar fad ar

[www.visitmournemountains.co.uk](http://www.visitmournemountains.co.uk)



## 'Bí Aclaí' agus cuir tús le d'aistear i dtreo slí mhaireachtála níos sláintiúla

Sheol Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin feachtas nua dírithe ar gach uile dhuine a spreagadh le bheith 'aclaí'. Ba mhaith linn cuidiú leat chun feabhas a chur ar chaighdeán do bheatha agus ar éagothroime sláinte a laghdú, trí chláir, seirbhísí agus rochtain ar spásanna oscailte a chur ar fáil. Soláthróidh an feachtas ilghnéitheach 'Bí Aclaí' an dóigh is fusa chun é seo a bhaint amach.



Mar chuid den chlár spreagúil seo, d'amharc muid ar ár n-áiseanna fóillíochta le cuma is caoi úrnua a chur orthu. Ba mhaith linn cuidiú leat tús úrnua a chur le do thuras i dtreo stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus gníomhach. Is féidir le gach duine sa tsochaí úsáid a bhaint as ár gcuid áiseanna agus tá

réimse ríleathan gníomhaíochtaí ar fáil iontu le háireamh mar chuid de do stíl mhaireachtála gníomhach.

Nuair a d'oscail an t-ionad nua fóillíochta Ionad Fóillíochta an Lúir i mí na Samhna 2017 seoladh ár bhfeachtais 'Bí Aclaí' ag an am céanna mar spreagadh chun sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach níos fearr a chur chun cinn. Anois go mbíonn saol níos gnóthaí á chaitheamh ag daoine, déanaimid dearmad go minic aire a thabhairt dár sláinte fhisiciúil agus mheabhrach féin.

Rinne muid i bhfad níos fusa é fosta páirt a ghlacadh in ionad fóillíochta nó seisiúin a chur in áirithe - anois is féidir leat an rogha is fearr a oireann duit a chur in áirithe. Tá go leor roghanna ann do gach duine! Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir leis na praghsanna atá ar bhallaíocht idir £15.00 agus £ 9.00 in aghaidh na míosa, agus pleananna laethúla, míosúla, 3, 6 agus 12 mí ar fáil ag [www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org)

### Platanam Uilechuimsitheach

Rochtain il-láithreán ar áiseanna faoi dhíon ag Ionad Spóirt agus Folláine Bhaile an Mhóta, Dhún Pádraig, an Lúir agus ag Ionad Fóillíochta Chill Chaoil, agus ag Ionad an Chaisleáin Nua.

### Platanam Snámh

Rochtain il-láithreán ar áiseanna fóillíochta faoi dhíon ag ionaid fóillíochta Dhún Pádraig, an Lúir agus Chill Chaoil.

### Ór

Rochtain il-láithreán ar Ionad Spóirt agus Folláine Bhaile an Mhóta, ar Ionad Fóillíochta Dhún Phádraig, agus ar Shólan an Chaisleáin Nua.

### Airgead

Saoráid de do rogha féin ina bhfuil seomra aclaiochta, linn snámha, sauna, seomra gaile nó ranganna ag amanna ainmnithe seachbhuaice. Baineann sé seo le hIonad Fóillíochta Bhaile an Mhóta, Dhún Pádraig, an Lúir agus Chill Chaoil, agus Ionad Spóirt an Chaisleáin Nua.

Tá an feachtas 'Bí Aclaí' fóirsteanach do gach uile dhuine agus tá comhpháirtíocht déanta againn le Disability Sports NI (DSNI) chun mol spóirt do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar bun sa cheantar. Tugann sé sin deis dúinn réimse leathan spóirt a chur ar fáil ag baint úsáide as cathaoireacha rothaí, rothair ionchuimsitheacha agus trealamh spóirt chun go bhféadfaidh páistí agus daoine fásta faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí spóirt. Táimid ag obair go crua freisin chun sochaí níos uilechuimsithí a chruthú.

Táimid ag obair le clubanna chun saoráidí a chur ar fáil do gach duine agus cuirfidh ár gcomhpháirtithe DSNI oiliúint ar fáil chomh maith le dearcadh dearfach a chur chun cinn i leith daoine faoi mhíchumas.

Tá sé tábhachtach go mbíonn deis ag gach duine, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas, stíl mhaireachtála iomlán, aclaí agus sláintiúil a chaitheamh, tríd an spóirt agus fóillíocht gníomhach.



## 'Do Bhealach Féin gach uile lá'

Tá ár gclár dírithe ar dhaoine a spreagadh chun a bheith níos gníomhaí níos minice trí spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil.

Tá an clár **Aclaíocht do Gach Duine 2020** programme is targeted at dírithe ar rannpháirtíocht a mhéadú ina measc siúd nach raibh le feiceáil mórán go traidisiúnta i gcúrsaí spóirt: mná agus cailíní idir 14-25 bliana d'aois, daoine faoi mhíchumas, agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu sna ceantair is mó a bhfuil riachtanas sóisialta. (Arna sainmhíniú mar cheantair atá sa cheathrú is airde bardaí ainmnithe ag an Treoir um Dhíth Ilchinealach TÉ 2010.)

Maidir leis na grúpaí agus na clubanna sin a ghlacann páirt i spórt eagraithe, tá an clár **SANDSA** (Cumann Spóirt an Lúir, an Dúin agus Dheisceart Ard Mhacha) breá fóirsteanach dóibh.

Tá SANDSA deartha chun gníomhaíocht spóirt pobail a chur chun cinn agus chun tacú leis ar an leibhéal áitiúil. Soláthraíonn sé oiliúint agus acmhainní eile, déanann sé maoiniú a lorg, cuireann sé Searmanas Bliantúil na nGradam Spóirt SANDSA i láthair, cuireann sé an clár Millennium Volunteers Goldmark Volunteers chun cinn agus chomh maith leis sin cuireann sé creidiúnú neamhspleách chun cinn do chlubanna trína mBord Rialaithe nó trí Spórt Thuaisceart Éireann. Oibríonn SANDSA leis an Chomhairle fosta chun bunachar sonraí d'fhaisnéis forbartha spóirt a bhunú, lena gcomasófar do chlubanna áitiúla cláir oideachais, oiliúna agus fóillíochta a chur ar fáil.

Tá pleananna againn don todhchaí. Cuireadh ár **Straitéis na nÁiseanna**

**Spóirt** i gcrích i mbliana agus d'fhéach sé ar gach áis spóirt ar fud an cheantair, idir phoiblí agus príobháideach. D'aithin muid a bhfuil ag teastáil uainn chomh maith leis na tosaíochtaí atá againn le linn na mblianta atá amach romhainn. Táimid tiomanta chun £2.5m a infheistiú le forbairt a dhéanamh ar áiseanna lasmuigh chomh maith le £40m chun dhá ionad fóillíochta den chineál is úire a thógáil ar an lúr agus i nDún Pádraig.

Níl dearmad déanta againn ar ár bpáistí ná ar ár ndaoine óga ach an oiread. Thug muid chun críche ár **'Straitéis Súgartha'** i mbliana agus d'amharc muid ar na rudaí a chuirimid ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga agus gheall muid £2.5m tiomanta chun páirceanna súgartha nua agus feabhsaithe a sholáthar. Leagtar amach sa Straitéis an dóigh a ndéanfimid gach cineál de dheiseanna súgartha a fhorbairt, a chothabháil agus a chur i bhfeidhm agus an tacaíocht is féidir a thabhairt do phobail áitiúla ar fud an cheantair.

Áirítear inár Straitéis Súgartha na beartais agus na straitéisí áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear Airteagal 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Aithnítear inti an ról rithábhachtach a bhaineann le súgradh i dtaca le saol na ndaoine óga a fhorbairt.

Mar is gnách, téimid i gcomhairle le réimse leathan grúpaí agus daoine

nuair a bhímid ag tabhairt faoi fhorbairt a dhéanamh ar ár straitéisí—clubanna spóirt, an pobal i gcoitinne agus scoileanna. Cuireann sé seo ar ár gcumas féachaint cá háit a bhfuil bearnaí ann agus a dhéanamh amach cad é is gá a dhéanamh. Oibrímid, agus leanaimid de bheith ag obair de shíor, le comhpháirtithe agus maoinitheoirí seachtracha. Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ár saoránaigh uilig in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a rachaidh chun tairbhe dá sláinte agus dá bhfolláine.

Tá Comhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin tar éis comhpháirtíocht a bhunú leis an **MacMillan Move Programme**. Oibríonn an clár seo le daoine a mhaireann le hailse agus atá ar téarnamh ó ailse, in áit a oireann dóibh. Cuireann an Clár gníomhaíochtaí fisiciúla saincheaptha ar fáil agus is féidir daoine a chur i dteagmháil le seirbhísí ailse freisin. Orthu siúd tá cabhair le tascanna laethúla, fisiteiripe, comhairleoireacht, cúrsaí iompair, athmhaisiú den chineál 'ag breathnú go maith, ag mothú ar dóigh' chomh maith le teiripí iomlánaíochta. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil le ryan.flynn@nmandd.org

Tig leat teacht ar fhaisnéis faoi raon na gclár atá ar fáil faoi na scéimeanna a chuirtear ar fáil ar fud an cheantair ach dul i dteagmháil le leisureandsport@nmandd.org



## An tIúr ar thús cadhnaíochta leis an ionad fóillíochta den chineál is nua-aimseartha

Ó osclaíodh an tIonad nua Fóillíochta, ar chostas £22m, i mí na Samhna 2017, tá clú agus cáil á tharraingt ar an Iúr mar is é seo an t-ionad dá chineál i dTuaisceart Éireann.



Rinne Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Róisín Uí Mhaolchraoibhe, mar aon le haíonna aitheanta, ceiliúradh an tús nua seo don aclaíocht choirp agus don spórt sa cheantar.

Tá forbairt na háise lárnach i dtosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an cheantair a fheabhsú, agus léiríonn sé tiomantas na Comhairle le bheith ina tús cadhnaíochta chun neamhionannais sláinte a laghdú dá saoránaigh ar fad. Feidhmeoidh an áis nua mar ionad spóirt suaitheanta fosta d'fhonn oiliúint den chéad scoth a sholáthar do lúthchleasaithe áitiúla. Beidh ar chumas gach duine, is cuma cén leibhéal folláine atá acu, úsáid a bhaint as an seomra aclaíochta, as an stiúideo grúprothaíochta, as na hallaí spóirt, as an láthair bogshúgartha faoi dhíon agus as an linn snámha nua-aimseartha.

Forbraíodh an t-ionad agus é mar phlean leis an teicneolaíochta a chur ag obair don úsáideoir ócáideach agus don úsáideoir dílis araon. Tabharfaidh an tEispéireas Nasctha leis an Dea-

Fholláine an deis d'úsáideoirí nasc a dhéanamh lena gcláir agus lena gcuid oiliúna aonair, cibé áit a bhfuil siad, trí aip a dhéantar a íoslódáil — Ionad Fóillíochta don 21ú haois leoga!

Tá an obair ar an Ionad Fóillíochta nua ag dul ar aghaidh leis na blianta — sa bhliain 2015 osclaíodh céim 1 le seoladh an phríomhlinn snámha 8 lána a bhain tairbhe as linn snámha tiomanta don teagasc ina bhfuil gnéithe uisce ann do pháistí, sleamhnán agus áiléar féachana le suíocháin atá ar chaighdeán Oilimpeach. Gan amhras a rá, tá an-tóir air seo agus breis agus 500 duine ag baint leasa as na ceachtanna gach seachtain.

Leis an réimse leathan áiseanna atá ar fáil ann tá an t-ionad nua seo ina áit tharraingteach do scoileanna áitiúla, do chlubanna spóirt, do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair chun oiliúint a dhéanamh agus a bheith níos gníomhaí. Cheana féin tá Scuid Futsal Idirnáisiúnta an IFA tar éis cuairt a thabhairt ar an ionad agus tionóladh cluichí taispeántais ann do Chonradh Náisiúnta na hÉireann um Chispheil Cathaoireacha Rothaí.

In Ionad Fóillíochta nua an Dúin, atá le hoscailt go mall in 2018, beidh áis nua-aimseartha eile inár gceantar agus áiritheofar leis go mbeidh rochtain ag ár saoránaigh ar réimse gníomhaíochtaí chun bealach maireachtála níos folláine a spreagadh.





## Tá an Ghaeilge fite fuaite i ngnáthshaol laethúil an cheantair

Bhí an-tóir ar na laethanta spraoi do theaghlaigh agus ar Aontaí na Nollag i mbliana, a reáchtáladh faoi choimirce Fhóram an Dúin agus Oiriaila. Tionóladh Lá Spraoi do Theaghlaigh i dTí Chulainn i mí Mheán Fómhair agus tionóladh an dá Aonach Nollag i mBunscoil an Iúir, an tIúr agus i gColáiste Sibhne sa Chaisleán Nua.

Labhair páistí scoile ó Scoil Ghramadaí an Chroí Naofa agus ó Scoil Ghramadaí na Mainistreach, ar an Iúr, ar an raidió agus dhírigh siad ar a gcuid scileanna raidió chun clár raidió Gaeilge a chur le chéile. Tugadh an deis do na daoine óga ó chomhfhiontar idir Aonad na Gaeilge i gComhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, agus stáisiún raidió phobal na Gaeilge, Raidió Fáilte 107.1fm agus Scoil Ghramadaí an Chroí Naofa.

Sna trí cheardlanna bhí deis ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna i gcúrsaí taighde, scríbhneoireacht scrípte, scileanna agallaimh agus taithí theicniúil maidir



le fuaim a thaifeadadh. Tá súil againn go mbeidh an tionscadal seo ar cheann de go leor tionscadal dá leithéid a mbeidh roinnt scoileanna sa cheantar páirteach iontu sna blianta atá le teacht.

Craoladh an clár raidió Dé Céadaoin 29 agus Déardaoin 30 Samhain ar Raidió Fáilte 107.1fm. Tá an dá chraoladh sin ar fáil anois mar phodchraoladh ar [www.raidiofailte.com](http://www.raidiofailte.com)

Agus an meall mór ar deireadh, d'éirigh go hiontach maith le siúlóid

Ghrianstad an Gheimhridh i mbliana arna treorú trí mheán na Gaeilge agus laistigh de 48 uair an chloig bhí na ticéid ar fad curtha in áirithe.

Le cuidiú ó Aonad na Gaeilge anseo sa Chomhairle, táimid tiomanta do sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge do chomhaltaí tofa agus d'fhostaithe na Comhairle, agus do phobal na Gaeilge trí chéile. Tógfaimid ar na héachtaí seo le linn na bliana 2018. Déan teagmháil le [gaeilge@nmandd.org](mailto:gaeilge@nmandd.org) nó cuir scairt ar 028 3031 3076.

## Chuir ceol agus rúndiamhair tús le spraoi na Nollag

Chuir ceolchoirm ar son carthanachta, a bhí ar siúl i Halla Bhaile an Iúir agus é nua-athchóirithe, tús buacach le séasúr na Nollag nó inti bhí ceol agus draíocht fite fuaite ina chéile.

Chuir an t-intinneoir cáiliúil, David Meade, an-lúcháir agus mearbhall ar an lucht féachana lena chumas diamhair chun intinní a léamh agus bhí an cór Accolade agus ceolfhoireann óige an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ann le gliondar a chur ar an lucht éisteachta lena gcuid ceoil shéasúraigh agus ceol traidisiúnta.

D'fhreastail lucht féachana mór agus sásta ar an ócáid agus bhí sé ar siúl ar son carthanachtaí na bliana de chuid Chathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Róisín Uí Mhaolchraoibhe. Oibríonn na trí charthanacht, Davina's Ark, an Fóram Meabhair-Shláinte, agus Cúnamh do Mhná fud fad an cheantair ag cuidiú le daoine leochailleacha agus rachaidh an t-airgead a bailíodh ón cheolchoirm chun tairbhe daoine áitiúla le linn na bliana.





## Lá spraoi faoi scáth na Bheanna Boirche

Is féidir spraoi a bhaint as an aclaíocht agus is cinnte gur léirigh an lá spraoi do leanaí agus do thuismitheoirí a bhí ar siúl i gCill Chaioil é sin go rímhaith.

Agus sléibhte móra maorga eibhir mar chúibrat ann, mheall na gníomhaíochtaí daoine óga agus a dtuismitheoirí, leis na stáiníní sláinte ag tabhairt amach comhairle agus tacaíocht.

Is é LTC Mhúrn a d'éagraigh an imeacht mar fhreagra ar chomhairliúchán poiblí inar thóg cónaitheoirí ceist faoin easpa soláthróirí sláinte atá sna Beanna Boirche.

## Táimid an-bhródúil as .... an Chaisleán Nua— An Chéad Bhaile i dTuaisceart Éireann le bheith ina Bhaile atá báúil don Uathachas.

Ainmníodh an Caisleán Nua an chéad bhaile i dTuaisceart Éireann atá báúil don uathachas, tharla sin i ndiaidh do chomhpháirtíocht nua teacht le chéile idir an Chomhairle, Tionscnaimh a bhaineann le hUathachas TÉ agus an Coimisiún Comhionannais. Tá an tionscnamh spreagúil seo ag tógáil ar phróifíil an Chaisleán Nua go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus, léirítear leis gur áit é an Caisleán Nua áit a bhfuil fáilte roimh gach duine, rud atá fíor agus cóir. Tá muid ag obair anois le gnólachtaí chun an tionscnamh Tá gach Custaiméir Tábhachtach a chur chun cinn - is dearcadh é a oireann go maith don bhaile agus don Chomhairle.



## 'Borradh' i ndán don urlabhra agus don teanga i nDún Pádraig

Is clár é sin arna fhorbairt ag ICAN, an charthanacht cumarsáide do pháistí, arna mhaoiniú tríd an **Chlár um Athnuachan Chomharsanacht Dhún Pádraig** de chuid na Roinne Pobal, atá ag cuidiú le pháistí Dhún Pádraig i rang 1 agus 2 sa bhunscoil lena gcuid scileanna urlabhra, teanga agus cumarsáide a fhorbairt.

Cuireann 'Borradh faoin Chaint' a chlár i láthair i scoileanna agus tugann teiripeoir urlabhra agus teanga oiliúint do na múinteoirí agus do na cúntóirí ranga agus déantar

measúnú ar na páistí ina scoil féin. Tá na buntáistí a bhaineann leis an chlár nua seo soiléir: déantar measúnú níos gaiste ar pháistí—ní bhíonn ach dhá sheachtain mar achar ama ag fanacht ar an tseirbhís seo i gcomparáid le 9-13 seachtaine má chuirtear iad chuig clinic speisialtóireachta. Tá torthaí an chlár léirithe cheana féin: seachas feabhas a chur ar scileanna na bpáistí, tá níos mó rannpháirtíochta ann le tuismitheoirí de thairbhe an chlár. **Téann an clár chun tairbhe do gach duine!**



Grianghraf le caoinchead Ghrianghrafadóireacht Neil Harrison



## Tús áite don cheantar dúchasach

Bronntar na duaiseanna Tús Áite gach bliain agus i mbliana ainmníodh dhá eagraíocht phobail as an **lúir agus as TCA Shliabh Crúibe**. Leis na duaiseanna seo aithnítear an obair a dhéanann eagraíochtaí pobail chun daoine a chumasú agus chun a bpobail a neartú.

Ainmníodh Pobal Thuar Ceatha an Lúir sa chatagóir 'Cuimsiú Sóisialta agus Comhionannas sna Cathracha'.

Bunaíodh an grúpa in 2004, agus is grúpa é don phobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach, ina mbíonn teacht ar rannpháirtíocht shóisialta, seirbhís charaíochta, líne chabhrach tacaíochta agus ionad acmhainne.

Ainmníodh Comhpháirtíocht Phobal Chaisleán Uidhilín as an méid a chuireann sé le Tionscnaimh Phobalbhunaithe don Óige.

Thug na moltóirí ar na duaiseanna Tús Áite cuairt ar an dá scéim agus tugadh cuireadh don dá ghrúpa teacht chuig an searmanas, arna óstáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall i Leitir Ceanainn. Ar an oíche bhí rath ar Phobal Thuar Ceatha an Lúir, agus ríméad orthu a bheith ainmnithe sa dara háit ina gcatagóir.

## Scimeálaithe sinsearacha

Tá sé tábhachtach do gach duine a bheith ar an eolas faoin dóigh le ríomhaire a úsáid agus scimeáil ar an ghréasán, go háirithe nuair atá a oiread seirbhísí anois ar fáil ar líne. Leis an scéim nua ríomhairithe maidir le hAthchóiriú Leasa, sainaitníodh i bPlean Gníomhaíochta **LTC Dhún Pádraig** an gá do sheanóirí a gcuid scileanna ríomhaireachta a fheabhsú.

I mí na Samhna agus i mí na Nollag, ghlac seanóirí ó cheantar Dhún Pádraig páirt i mbunchúrsa teicneolaíochta faisnéise in Ionad an Bhaile Mhóta. Faoin am a chríochnaigh an cúrsa, bhí na seanóirí in ann ríomhaire glúine agus luch a úsáid, an méarchlár a úsáid agus cuardach a dhéanamh ar an ghréasán. Ní hamháin gur fhoghlaim na daoine a bhí ag dul

don chúrsa scileanna nua, ach bhain siad an-sult as an chomhluadar agus as an ócáid sóisialta a cuireadh ar fáil leis.

Leanfar de sheisiúin eolais ar chríochnú na n-iarratas ar athchóiriú leasa.



## Athnuachan ar luas lasrach

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i ndiaidh bliain iontach gnóitheach a chuir di i mbliana, ag cur scéimeanna chun feidhme ar fud an cheantair chun ár mbailte agus ár gcathracha a dhéanamh níos tarraingtí don ghnó agus don turasóireacht, do chónaitheoirí agus do chuariteoirí araon.

I mbliana, bhí muid ag obair ar an phlean mór do **Bhaile na hInse**, plean a bhfuil deich réimse tosaíochta ann chun athbheochan a dhéanamh ar lár an bhaile. Áirítear orthu seo réadmhaoin atá folamh agus tréigthe a aithint agus a dtiocfadh, seans, deontais a tharraingt le feabhas a chur ar na foirgnimh, níos mó imeachtaí a chur ar siúl i rith an lae agus um thráthnóna chun turasóirí a mhealladh isteach agus chun tacú leis an gheilleagar áitiúil, agus

margaíocht níos fearr a dhéanamh ar an méid atá le tairiscint ag an bhaile.

Tá **seachbhóthar Bhaile na hInse** fós ag an chéim pleanála agus tá an Chomhairle ag obair le Transport NI (TNI) chun a cheadú a chinntiú. Aontaíonn gach duine leis an seachbhóthar mar go gcuirfidh sé feabhas ar bhealaí rochtana ar fud an réigiúin agus laghdóidh sé plódú i lár an bhaile araon.

Tá scéim uailmhianach á chur i bhfeidhm do **Dhún Pádraig** i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Pobal agus TNI, agus tá an obair le tosú i samhradh 2018. Leis an scéim déanfar cosáin, plandú agus troscán sráide a uasghrádú, rud a dhéanfaidh an-athrú chun feabhais ar an bhaile.

Tá beocht nua le cur isteach i seanstáisiún na bpóilíní ar Shráid na nGael agus plean á fhorbairt anois ag an Chomhairle, i gcomhar leis an Roinn Pobal agus TNI.

Ní dhearnadh dearmad ar na deiseanna turasóireachta atá sa bhaile agus iarratas pleanála curtha isteach anois le haghaidh óstán a fhorbairt.

Rinneadh forbairt ar iarratas chuig Ciste Oidhreachta an Chrannchuir chun tionscadal oidhreachta a

thabhairt isteach sa Limistéar Caomhantais. Leis an phlean seo chuirfí feabhas ar fhoirgnimh atá ag titim as a chéile.

Tá **Bóthar Faoisimh an Deiscirt** anois ag céim an chomhairliúcháin pobail. Tá trí rogha á gcur i láthair le haghaidh nasc nua straitéiseach bóthair idir Bóthar Bhaile Átha Cliath, A1 agus Bóthar an Phointe, A2.

Forbairt a dhéanamh ar **Chuan Chill Chaoil** is ea an príomhthionscadal laistigh de Mhórphlean Chósta an Oirdheisceart. Tagann aon trian de luach na n-iasc go léir atá i dtír i dTuaisceart Éireann isteach go Cuan Chill Chaoil, agus mar sin is ardthosaíocht í cur lena acmhainneacht. Tá an Chomhairle i ndiaidh a bheith ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht Straitéiseach Chill Chaoil, Invest NI agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe chun an cuan a fhorbairt mar chalafort straitéiseach leaindeála agus próiseála. Tá **Cuan Ard Ghlais** ina chuid den fhorbairt seo fosta agus táimid ag obair le daoine eile le féachaint cén dóigh is féidir leas a bhaint as an scéim.





## Ag pleanáil don toadhacháil

Cruthaíodh 24 phlean sráidbhaile nuashonraithe agus 18 bplean nua sráidbhaile, i gcomhairle le 60 pobal agus os cionn 500 duine aonair.

Áiríodh leis an tionscadal seo £50,000 ó Chomhpháirtíocht Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail a bronnadh ar an Chomhairle chun cuidiú le forbairt na bpleananna. Léiríonn na pleananna na hábhair imní atá ag na daoine áitiúla, lena n-áirítear feabhas a chur ar an timpeallacht agus ar bhonneagar, ar áiseanna turasoíreachta, áineasa agus seirbhísí a sholáthar. Tá sé mar phríomhthosaíocht maoiniú a fháil ó Athnuachan Sráidbhailte Forbartha Tuaithe a chinntiú in 2018 chun go mbeifear in ann na tionscadail seo a cheadú.

Tá **an Pointe agus an tLúir** beartaithe le haghaidh tionscadal chun uasghrádú a dhéanamh ar shoilsiú, cosáin, comharthaíocht agus plandú. Leis an scéim ar an Phointe, lena n-áirítear athródú na seirbhísí lastuas faoi thalamh, caithfear £2.1m ar na feabhsuithe, agus tá infheistíocht de £860,000 ann do scéim an Lúir, déanfar iad seo ar fad i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Pobal. Tá £100,000 breise á infheistiú chun athbheochan a

dhéanamh ar **Chonair na hArdeaglaise** i limistéar an Lúir, lena n-áirítear feabhsuithe ar aghaidh na siopaí.

Tá **Caisleán stairiúil Chill Shléibhe** atá suite in airde maorga ar Shliabh gCuillinn, le hathchóirí go luath ina shó-óstán boutique 45 sheomra leapa agus seomra folláine chomh maith. Tá an t-athchóiriú ollmhór seo á thabhairt i gcrích le hinfeistíocht £10m ó Infheistíochtaí Jaramas (TÉ) agus an Chomhairle ag soláthar £240,000 de na

costais foriomlána forbartha.

Agus an meall mór ar deireadh, tá cuma agus caoi ag teacht ar na pleananna le haghaidh **Ionad Cathartha** agus amharclann nua don Lúir. Rinne muid comhairliúcháin le gnólachtaí áitiúla agus leis an phobal.

Cuirfidh an tionscadal seo ní hamháin le hathghiniúint lár chathair an Lúir ach soláthróidh sé saoráidí nua cultúrtha agus ealaíon atá de dhíth go géar.



Tuiscint an ealaíontóra ar athghiniúint Chonair na hArdeaglaise

## Ar ngeilleagar áitiúil á fhorbairt againn

Tá forbairt an gheilleagair áitiúil mar phríomhthosaíocht ag an Chomhairle - tá a fhios againn go gcuirimid timpeallacht tharraingteach ar fáil do ghnólachtaí nua chun iad féin a bhunú ann agus do chinn atá ann cheana féin chun fáis.

Táimid ag obair le roinnt tionscadal eacnamaíochta agus fostaíochta de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa, ina bhfuil níos mó ná 500 duine agus

eagraíochtaí i bhforbairt ghnó, socrúcháin oibre meantóireachta agus oiliúint creidiúnaithe ar leith. I mbliana, bronnadh aitheantas orainn, an **Bratach Corcra** a mbíonn an-tóir air, ar lár chathair an lúir as barr feabhais an gheilleagair um thráthnóna agus istoiche.

Le linn na bliana seo, sheol muid Clár Tosaithe Gnó nua, i gcomhpháirtíocht leis na 11 Chomhairle. Cuideoidh an

clár **Tabhair Faoi** le duine ar bith a bhfuil smaoinemh gnó aige nó aici chun é a fhíorú.

Le linn na míonna amach romhainn, tá muid ag súil le tacú le 167 ngnó nua, rud a chruthaíonn 155 post nua ar a laghad. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin chlár, téigh chuig [www.goforitni.com](http://www.goforitni.com) nó cuir scairt ar 0800 027 0639.

## Is féidir scileanna nua a fhoghlaim de shíor

Rinne muid réimse ceardlann agus clár a chur ar fáil chomh maith le breis is 250 gnólacht áitiúil atá ag iarraidh a leathnú amach, ag clúdú príomhréimsí amhail branda a thógáil, ag méadú díolacháin ar líne agus thar lear, ag forbairt teicníc margaíochta digití agus ag foghlaim cén dóigh tairisceana a chur isteach.

Cuideoidh ríomhíris ghnó mhíosúil leat a bheith i gcónaí i dteagmháil agus is féidir teacht air sin ag <http://www.newrymournedown.org>

Is cuid ríthábhachtach d'fhonn feabhas a chur ar ár ngeilleagar áitiúil iad na

daoine agus a gcuid scileanna agus tá muid i ndiaidh a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Coláiste Réigiúnach an Deiscirt chun scileanna agus infhostaitheacht thart ar 100 duine áitiúil atá dífhostaithe, neamhghníomhach nó ar ioncam íseal a fheabhsú.

Cuireann an clár **CREST** a thosaigh i mí Mheán an Fhómhair 2017 agus a thiocfaidh chun críche i mí an Mheithimh 2018, oiliúint ar fáil thar réimse earnálacha - déantúsaíocht, fáilteachas, miondíola, teicneolaíochtaí cruthaitheacha agus digiteacha. Is féidir le gach duine a ghlacann páirt leas a

bhaint as cúrsaí a bhaineann le scileanna riachtanacha creidiúnaithe i litearthacht, uimhearthacht agus TFC.

Ar na mallaibh tugadh faoi bhriceasta gnó, dar teideal **Gabh go Réidh, Stuama agus Déan Nuáil**, a rinneadh i gcomhpháirtíocht le Coláiste Réigiúnach an Deiscirt, agus d'fhoghlaim 60 gnólacht ann faoin tacaíocht mhaoinithe atá ar fáil dóibh agus iad ag fás agus ag nuálaíocht. Bhí InterTradelreland agus Invest NI ar láimh, in éineacht le InnovateUK, chun léiriú a dhéanamh ar an méid a dtiocfaid leo féin a thairiscint do ghnó áitiúil.



## Ag gníomhú go háitiúil, ag smaoinemh ar bhonn domhanda

Chun cuidiú lenár ngnólachtaí fás caithfear cuidiú leo margáí nua a aimsiú, ní hamháin sa bhaile, ach thar lear chomh maith. I mbliana d'éirigh le 20 comhlacht áit arna maoiniú ón Chomhairle a fháil ar an chlár **Torthaí Thar Lear** clár a chuir ar a gcumas a seirbhíse nó táirge a mhargú go díreach le custaiméirí féideartha i margadh thar lear dá rogha féin. Chuidigh an clár le comhlachtaí suas le deich gcustaiméirí féideartha nua a aithint le díriú orthu, leis sin ag fáil réidh le cuid de na bacainní a mbíonn ar ár gcomhlachtaí aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear

bacainní teanga agus an bacannaí maidir le rannpháirtíocht custaiméirí.

Chomh maith lenár gclár a bheith dírithe ar ghnólachtaí áitiúla, tá muid ar cheann de shé Chomhairle a ghlacann páirt sa **Mhargadh Cathrach i Réigiún Bhéal Feirste**. Tá an clár seo dírithe ar a bheith ag cur lenár bhfeidhmíocht eacnamaíoch agus poist níos fearr, fás cuimsitheach, scileanna feabhsaithe a thabhairt isteach chomh maith leis an infheistíocht intíre agus an infheistíocht dhíreach eachtrannach a leathnú amach.

## Cá háit a bhfaighfidh mé cuidiú?

Tá an tionscadal Tabhair Faoi páirtmhaoinithe ag Invest Northern Ireland agus ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoin gClár Infheistíochta don Fhás agus Poist Thuaisceart Éireann (2014-2020).



Le fáil amach faoi chlár nua chun chur le do ghnó a bheith ag tosú i rith 2018 déan teagmháil leis an rannóg Fostaíochta agus Athghiniúna Fiontair ar 0300 013 2233 / [business@nmandd.org](mailto:business@nmandd.org)

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi chlár oiliúna CREST, gabh chuig [www.facebook.com/SRCCCommunityEducation](http://www.facebook.com/SRCCCommunityEducation) nó gabh i dteagmháil le Coláiste Réigiúnach an Deiscirt ar 0300 123 1223.





## Pobail á dtabhairt le chéile in imeachtaí spóirt

Is aisling é do fhormhór ár ndaoine óga é bualadh lena laochra spóirt.

Mar sin nuair a tháinig LTCanna **Rudha Álainn agus Shliabh Crúibe** le chéile i mbliana chun páistí scoile ó Ardscoil Bhaile na hInse agus ó Scoil Naomh Mhaolmhaadhóg, i gCaisleán Uidhílin, ba léir go raibh rud an-speisialta ar siúl acu.

Bhí deis ag na daoine óga bualadh le

Stephen Ferris ó Uladh agus clú rugbaí na hÉireann air chomh maith le Mark Poland, iar-chaptaen CLG an Dúin, agus léirigh siad beirt a gcuid scileanna spóirt os a gcomhair.

Choinnigh Stephen agus Mark an liathróid mheafarach go hard san aer agus iad ag insint scéalta faoina

ngairmeacha féin, chuir siad a síniú le cuimhneacháin éagsúla agus léirigh go hiontach maith gur féidir leis an spórt gach pobal a thabhairt le chéile agus gur féidir leis spórt tairbhe a dhéanamh don tsláinte mheabhreach agus fhisiciúil.

## An spórt ar fud an domhain

Tugann spóirt daoine le chéile agus is amhlaidh a bhí i gclár a bhí ar siúl do pháistí bunscoile cheantar Chrotshliabh.

Thug **LTC Chrotshliabh** cuireadh do pháistí páirt a ghlacadh i gclár 'Spórt ar fud an Domhain' a chuir dhá sheisiún ar fáil do gach scoil. Is é Grassroots Football a rinne an clár, agus lig siad do na páistí páirt a ghlacadh i réimse spóirt éagsúil — peil Ghaelach, sacar, rugbaí, cispheil agus cruicéad. Chuidigh an clár le daoine óga teacht le chéile agus chuir siad ardán ar fáil do chomhthionscnaimh amach anseo.

Ag an ócáid cheiliúrtha, a tionóladh i mí na Bealtaine, bhí deis ag na páistí na spóirt éagsúla a d'fhoghlaim siad a thaispeáint.



## Daoine óga ag déanamh caidrimh lena chéile i gcúrsaí fostaíochta agus foghlama

Tá sé rithábachtach cuidiú le daoine ó thaobh na fostaíochta agus na foghlama de chun cur leis an gheilleagar sa cheantar agus ba rud lárnach é seo ar phlean **LTC Sliabh gCuillinn** don bhliain 2017.

I mbliana d'eagraigh siad imeacht a ceapadh chun daoine óga a thabhairt le chéile chun iad a thabhairt i dtreo seirbhísí fostaíochta agus oideachais. Tháinig eagraíochtaí lena n-áirítear Deonaigh Anois, Work4You Plus,

Clanrye, Coláiste Réigiúnach an Deiscirt, Gairmeacha TÉ, Poist agus Sochair, Gníomhaíocht Óige agus an tÚdarás Oideachais le chéile chun faisnéis a sholáthar do na daltaí meánscoile. Léirigh na heagraíochtaí do na daoine óga na roghanna éagsúla ar fad atá oscailte dóibh, ó phrintiseachtaí chuig cúrsaí i gcoláistí tríú leibhéal, cén dóigh le CV a chur le chéile agus dhírigh siad ar a gcuid scileanna agallaimh chomh maith.

## Beidh Ionad Pobail an Droma Leathain / Clós Thaobh na Cé ar oscailt go luath

Tá ionad pobail nua do cheantar cois cuain Dhroim Leathan, ar an lúir, beagnach críochnaithe agus tá áthas an domhain ar mhuintir na háite. Bhí an tionscadal ar bun le seacht mbliana agus é á mhaoiniú go páirteach ag an Roinn Pobal trína Chlár Infheistíochta

Athnuachana Comharsanachta agus an Chomhairle. Cuideoidh an tionscadal £245,000 le hoibríthe deonacha ón phobal áitiúil chun cur lena gcuid gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar éagthoime agus chun freastal ar níos mó daoine.

## Coinnigh áitiúil é



Má bhíonn tú ag iarraidh a dhéanamh amach cá háit as a dtagann do tháirge, do cheardaíocht nó do chuid seirbhísí, is é an tionscnamh Coinnigh Áitiúil é, an rud atá uait. Sa phictiúr tá lá 'Coinnigh áitiúil é' a bhí ar siúl i gCill Chaioil.

Táimid ag súil go mór le margaí nua ceardaíochta agus cinn uathúla ina measc le bia blasta na háite le fáil ann agus tá siad seo le bheith á bpíolótú i nDún Pádraig agus sa Chaisleán Nua. Táimid ag súil go mór leo seo a fheiceáil ar fhéilire na n-imeachtaí míosúla!

## Ag tacú lenár bpobail ar fad

Tá go leor pobail éagsúla ina gcónaí inár gceantar agus tá an Chomhairle tiomanta tacaíocht a thabhairt dóibh ar fad. Oibríonn an tIonad Tacaíochta do Mhionlaigh Eitneacha i gcomhpháirtíocht le Comhairle Saoránach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, agus le Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann. I mbliana tugadh 2,500 cuairt ar fad ar an Ionad agus tugadh cuidiú do na céadta teaghlach agus daoine aonair i ngatar, lena n-áirítear na teifigh a tháinig ó Shiria le déanaí. Is féidir leat dul i dteagmháil leis an Ionad ag [ethnicsupport@nmandd.org](mailto:ethnicsupport@nmandd.org)

## Ag tabhairt aghaidh ar an iargúlacht tuaithe ag tréimhse na Nollag



Is cúis mhór imní í an scoiteachas amuigh faoin tuath don cheantar agus i mbliana thionóil **LTC Dhún Pádraig**, i gcomhar le Líonra Pobail Iargúlta Chontae an Dúin agus Cumann Pobail Bhaile Uí Chornáin & an Dúiche imeacht Nollag in Ionad Bhaile Uí Chornáin chun aghaidh a thabhairt ar an cheist seo agus chun spraoi Nollag a bheith acu. Chomh maith le Daidí na Nollag a bheith ann bhí gníomhaíochtaí ealaíon agus ceardaíochta ann, samhaltú balún agus péinteáil aghaidhe. Rinneadh cuir i láthair éagsúla ann fosta, ceann ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann, ceann ón Oifig um Chosc ar Choireacht, ceann ón eagraíocht Suicide to Zero and Domestic Violence agus phléigh siad ar fad le saincheisteanna a mbíonn an-tionchar acu ar ár bpobail tuaithe.





## Tig linn é a dhéanamh!

Tá sainfhoireann taighdeoirí, eolaithe, comhlachtaí de chuid na hearnála poiblí, carthanachtaí agus grúpaí pobail i ndiaidh teacht le chéile ar thionscadal suntasach caomhnaithe a bhaineann le trí dhlínse na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus Albain.

Faoi stiúir na Comhairle, tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin ar fiú €8.3m é feabhas a chur ar choinníollacha na dtailte portaigh agus na mbogach agus cosaint a thabhairt do na hainmhithe agus na plandaí ansin atá i mbaol. Oibreoidh an fhoireann i dteannta pobal chun na tírdhreacha agus na speicis aitheanta seo a bhainistiú agus tabharfaidh siad faoi bhearta caomhnaithe freisin. Laistigh de limistéar na Comhairle, beidh an tionscadal ag díriú ar na

Limistéir sin faoi Chaomhnú Speisialta ag Tír Meannán in aice leis an Chros Ghearr, Eanaigh Leath Cathail, in aice le Dún Pádraig, Cill Locha agus Baile Loch Cuan. Tacaíonn Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh leis an tionscadal tábhachtach seo, ar a dtugtar Gníomhaíochtaí Comhoibríocha le haghaidh Líonra Natura, agus déantar é a bhainistiú go háitiúil ag Comhlacht Clár Speisialta an AE arb é an comhlacht atá freagrach as PEACE IV agus INTERREG a bhainistiú.





## Beo sa timpeallacht fíoruathúil atá againn

Le breis agus 60 imeacht ar siúl thart ar an dá mhórfhéile, is mór an difear atá déanta ag Comhpháirtíocht **Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn** i mbliana do gach duine a chónaíonn i nDeisceart Ard Mhacha. Ní hamháin go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine a bhíonn ag freastal ar na himeachtaí, ach chaith oibríthe deonacha caomhantais os cionn 3,000 uair an chloig ag dul don taighde ar ár bpríomhspeicis agus gnáthóga agus ag cabhrú leis imeachtaí féin. Bhí rath ollmhór ar ár gclár samhraidh Maoir Óige agus bhí 30 iarratasóir istigh ar an 10 áit a bhí ar fáil, agus tá na daoine a ghlac páirt anois ar bís le bheith

páirteach i ngníomhaíochtaí caomhnaithe sa toadhcháil.

Tá ár gcósta álainn ann le go mbainimis ar fad taitneamh as—ach tá freagracht orainn fosta nó ní mór dúinn é a chosaint agus a chaomhnú. Tá **Comhpháirtíocht Bhaile Loch Cuan agus Leath Cathail** Cathail ag obair go dian chun é seo a bhaint amach agus tá an dréachtscéim Limistéir Bhaile Loch Cuan faoi Chosaint Mara agus Plean Gníomhaíochta AONB curtha i gcrích anois. Gné den obair seo is ea aghaidh a thabhairt ar an bruscar cósta agus ag éirí as an phlean seo glanadh méid ollmhór bruscair ó chósta Leath Cathail.

Is ar Pháirc Foraoise Shliabh gCuillinn atá an obair atá ar siúl ag Comhpháirtíocht Shliabh gCuillinn dírithe. Sa bhliain seo amach romhainn, tá tionscadail beartaithe ag Comhpháirtíocht Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn chun caoi a chur ar chosáin, ar shuíomh ainmnithe Natura 200 chomh maith le hobair chaipitil Theach Chambre, agus obair ar na bailte fearainn fosta.

Chun a bheith cothrom le dáta leis na tionscadail Chomhpháirtíochta go léir, cláraigh lenár nuachtlitir mhíosúil ag [www.ringofgullion.org](http://www.ringofgullion.org)

## Lámh Chuidithe

Tá na daoine óga sa Chaisleán Nua agus i Ros Treabhair ag déanamh a gcuid féin d'fhonn timpeallacht níos fearr a chruthú dúinn ar fad.

Tá an obair atá ar siúl ag daoine óga éagsúla i gcomhar le Seirbhísí um Chotheabháil Tailte agus Seirbhísí um Bhaillíú Dramháíola na Comhairle,

Aonad T sa Chaisleán Nua, ina chuidiú mór le trá an Chaisleán Nua a choinneáil glan.

Dhírigh An Solas 2000, atá bunaithe i Ros Treabhair, ar chrainn a chur i gCill Bhrónaí, le cabhair ó thrí bhunscoil áitiúil agus foireann na Comhairle.



## Feabhsuithe ar fud an cheantair

Táimid ag obair go crua anois, ag déanamh forbartha ar an chéad chéim eile d'fheabhsuithe ar Chathair an Iúir agus de phleananna athnuachana timpeallachta ar fud ceantar uirbeach an cheantair sna cúig bliana atá amach romhainn. Táimid ag obair go dlúth leis an Roinn Pobal, chomh maith le bheith mar phointe lárnach comhordúcháin do ghníomhaireachtaí rialtais, fónais agus trádálaithe.

Tá muid ag déanamh forbartha anois ar na mórfheabhsuithe do **Bhaile na hInse, Dún Pádraig, Cathair an Iúir,** agus Cósta an Oirdheiscirt - **Cill Chaoil, an Caisleán Nua agus an Pointe,** i gcomhar leis an Roinn Pobal.

Ar cheann de na scéimeanna atá muid ag obair i láthair na huairé i gcomhpháirtíocht leis an gCiste Pobail um Líonadh Talún, is ea an obair athchóirithe ar **loc chanáil an Iúir uimhir 5.** Leis an tionscadal seo, a chosnóidh £92,000, déanfar athchóiriú agus glanadh ar bhallaí agus ar sheomra an loic. D'fhonn daoine a spreagadh leis an cheantar stairiúil canála seo a úsáid agus thuiscint maidir leis an ról a bhí aige i bhforbairt an Iúir, cuirfimid comharthaí léirmhínithe ar fáil dóibh siúd a úsáideann an



cosán tarraingthe.

Tá pleananna móra againn fosta do **Dhún Pádraig** agus **Caisleán Uidhilín.** Tá iarratas déanta againn cheana féin ar mhaoiniú Chéim 1 de Chiste Oidhreachta an Chrannchuir chun feabhsuithe a dhéanamh ar Limistéar Caomhnaithe Dhún Pádraig. Má éiríonn linn san iarratas sin, déanfaimid iarratas eile ar an Chiste in 2018

Má bhí tú riamh i bPáirc Foraoise Crannlainne Chaisleán Uidhilín agus i nGairdín Annesley, tá a fhios agat cé chomh speisialta is atá an áit seo. Tá tionscadal á fhorbairt againn le cur isteach ar Chiste Oidhreachta an Chrannchuir chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Túr Múraigh iontach, ar Chaisleán na Gráinsí, ar Ghairdín Annesley agus ar an Chrannlann.

Tá an grúpa gníomhaíochta áitiúil ag díriú ar Loch Cuan, limistéar sáráilleachta nádúrtha, neamhghnách a dhéanamh níos inrochtana d'úsáideoirí fóillíochta. Faoi láthair tá siad ag déanamh staidéar féidearthachta chun feabhas a chur ar úsáidí agus ar fhorbairtí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar láithreáin rochtana chun líon na gcúairteoirí a mhéadú.

Tá **Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil Loch Cuan** ag obair níos faide i gcéin fosta. Ag obair i gcomhar le comhpháirtithe i gContae Mhaigh Eo, tá siad ag déanamh iniúchta ar an bhealach is fearr chun an teach stairiúil, cé gur fothrach tí é anois, darb ainm 'Moorehall' a nascadh le Teach an Doire Mhóir ar an Sruthán. Tá nasc idir an dá theach a bhaineann le síniú Acht an Aontais chomh maith le hailtireacht den chineál céanna agus tírdhreacha máguaird a bheith ag an dá theach. Beidh an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil ag obair i gcomhar le Comhpháirtíocht um Fhorbairt Tuaithe Beanna Boirche, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail chomh maith le hionadaithe ó Chontae Mhaigh Eo chun na forbairtí seo a threorú.





## Beo Beathach le Chéile

Is é cuspóir an phlean nua pobail 'Beo beathach le chéile' feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí as seo go 2030.

Seoladh an Plean ag ócáid i mí Dheireadh Fómhair 2017, agus cainteoirí ag teacht ó What Works Scotland agus ó Líonra Rannpháirtíochta Poiblí an Lú a thug léargas dúinn ar chur chuige na hAlban, na hÉireann agus ar bhonn idirnáisiúnta maidir le rannpháirtíocht an phobail.

Leagtar amach sa phlean amach fíis an lúir, Mhúrn agus an Dúin mar 'áit ina bhfuil pobail láidre, shábháilte agus bheoga a bhfuil caighdeán maith maireachtála ag gach duine ann agus rochtain ar dheiseanna, ar roghanna agus ar sheirbhísí poiblí atá ar ardchaighdeán, atá inbhuanaithe, inrochtana agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail'.

**Is féidir cóipeanna de Phlean Pobail an Lúir, Mhúrn agus an Dúin a íoslódáil ó [www.newrymourneanddown.org](http://www.newrymourneanddown.org)**

### Tá cúig phríomhchuspóir sainaitheanta againn i dtaca le daoine a chónaíonn inár gceantar:

- Tús maith a chur leis an saol agus an acmhainneacht fad saoil a chomhlíonadh
- Sult a bhaint as an dea-shláinte agus folláine
- Tairbhe a bhaint as timpeallacht atá glan, ar ardcháilíocht agus inbhuanaithe
- Maireachtáil i bpobail mheasúla, shábháilte agus bheoga
- Sochar a bhaint as pobail rathúla

Chun tacú leis na cuspóirí seo, forbraíodh pleananna gníomhaíochta tosaigh lena leagfar an dúshraith le haghaidh obair chomhpháirtíochta níos fearr ar fud an cheantair. Ach teastaítear pobail, grúpaí agus daoine aonair ón cheantar a bheith rannpháirteach ann. Chuige seo, beidh an Chomhairle, chomh maith lena comhpháirtithe, ag plé le grúpaí ar fud an cheantair chun a chinntiú go mbeidh deis ag gach duine páirt ghníomhach a ghlacadh i 'Beo beathach le chéile'



## An glasbhealach le dul ag taisteal

Cad é a bheadh níos fearr ná a bheith in ann do charr a fhágáil sa bhaile agus siúl nó rothaíocht chuig an obair?

Má tá tú i gceantar Chairlinn, gach seans go mbeifeá in ann é sin a dhéanamh, agus taitneamh a bhaint as Glasbhealach Loch Chairlinn ar an bhealach.

Tá céim 1 den ghlasbhealach, ó Dhroichead Bóthar Bhaile Átha Cliath san Iúr go dtí an chora ar an bhruach láir críochnaithe anois. Mhainigh an Chomhairle an chéim seo, tríd an Chiste Pobail um Líonadh Talún, arna riaradh ag Fiadhúla Uladh.

Tá stráice 6.2km, arna chur i gcrích ag Comhairle Contae Lú, críochnaithe cheana féin ó Ó Méith go Muiríne Chairlinn agus tá an-tóir air. Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn

agus an Dúin, i dteannta le Comhairle Contae Lú i ndiaidh maoiniú de €3.4m a fháil anois ó chlár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh, atá á bhainistiú ag an Chomhlacht um Chláir Speisialta an AE chun céim 2 den tionscadal a chur ar fáil. Tabharfaidh céim 2 an glasbhealach ón Chora ar an Bhruach Láir a fhad le Ó Méith, agus ó Mhuiríne Chairlinn a fhad le Cairlinn.

Nuair a bheidh sé tugtha chun críche faoin bhliain 2020, agus codanna de, ón Cora go Loc Victoria á n-oscailt go luath in 2018, cuirfidh an glasbhealach bealach taistil glas trasteorann den chéad scoth ar fáil, chomh maith le bheith ina shaoráid

fhíorálainn, ag síneadh ó Chathair an Iúir go Cairlinn.

Déanfaidh an glasbhealach nascadh le bealach rothaíochta/cosán tarraingthe an Iúir/Port an Dúnáin— agus leis sin beidh teacht ar 52km álainn, iontach de ghlasbhealach fad chósta thoir na hÉireann. Beifear in ann ansin siúl nó rothaíocht a dhéanamh idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath, ag baint úsáide as Bealach Sustrans 9 - Glasbhealach Mór an Oirthir.

*Mar sin de, bí réidh faoi choinne eachtraíochta!*

Cuirfidh an glasbhealach bealach taistil glas trasteorann den chéad scoth ar fáil, chomh maith le bheith ina shaoráid fhíorálainn, ag síneadh ó Chathair an Iúir go Cairlinn.

## Cosáin siúil agus conairí capall do gach duine

Más lá spraoi atá uait, cén fáth nach rachfá ag marcaíocht ar chapall i bPáirc Foraoise Chaisleán Uidhilín? Tá an Chomhairle anois i ndiaidh cúram na gconairí a ghlacadh uirthi féin,

agus í á marcáil agus a gcothabháil. Más fearr leat an rothaíocht, tá conairí iontacha sa Pháirc Foraoise faoi choinne rothaíocht sléibhe nó siúlóidí—go dtí seo tá óstáil déanta

ar 42 imeacht lena n-áirítear Craobhchomórtais Uladh le haghaidh Rothaíocht Sléibhe chomh maith le Fánadóireacht Countryfile, ar son Children in Need.



An Comhairleoir Róisín Uí Mhaolchraoibhe agus Nioclás MacRiocard, Cathaoirleach Páirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail

## Ag forbairt ár bpobal tuaithe

Tá Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail i ndiaidh a bheith iontach gnóthach ag cur Tosaíocht 6 den Chlár Forbartha Tuaithe ar fáil.

Bhí dhá ghlaó ar iarratais ann do **Scéim Infheistíochta Gnóthai Tuaithe**, lena chuimsítear os cionn £600,000 le haghaidh gnó áitiúil agus lena chruthaítear 54 post lánaimeartha sa dá bhliain atá amach romhainn. Beidh tuilleadh infheistíochta le fáil san Earrach, 2018 agus beidh gach ceantar, diomaite de theorainneacha chathair agus bhaile an líur agus Dún Pádraig, incháilithe lena haghaidh sin.

Go luath in 2018, beidh Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail ag glaóch ar iarratais chun cuidiú le heagraíochtaí saoráidí pobail a uasghrádú. Beidh cuidiú deontais suas le £300,000 ar fáil ann agus cuideoidh sé sin le timpeallacht níos fearr a sholáthar do mhuintir na háite.

Is saincheist í ceist an leathanbhanda, maidir lena luas agus a infhaighteacht, a chránn go leor dár bpobail laistigh de

cheantar na Comhairle. Le linn mhí na Samhna agus na Nollaig, 2017, thug an Chomhairle faoi shuirbhé rúnda a dhéanamh le húnéirí gnó maidir lena seirbhís idirlín leathanbhanda ag an am sin. Bainfear leas as an suirbhé chun 'spotai gan leathanbhanda' agus 'spotai dubha' ó thaobh leathanbhanda de a mhapaíl. Beidh an Chomhairle in ann na sonraí seo a úsáid chun tacú le tairiscintí maoinithe agus chun cónaitheoirí agus gnólachtaí a choinneáil ar an eolas maidir le scéimeanna leathanbhanda amach anseo. Thacaigh Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Mhúrn, Sliabh gCuillinn agus Leath Cathail leis an tionscadal faoin gClár Forbartha Tuaithe, arna mhaoiniú ag DAERA, agus ag an Aontas Eorpach.

Tá €2m leithdháilte ag an Chiste Eorpach um Iascaigh Mhuirí, trí DAERA, do phobail atá ag brath ar an iascaireacht, lena n-áirítear Ard Glas, Áth na Long, Cill Chaoil agus Port an

Bhogaigh. Ceapadh an Chomhairle chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir. Ba cheart go mbeadh na hiarratais ar oscailt in Earrach na bliana 2018.



Bhronn Clár Chiste Oidhreachta an Chrannchuir, Páirceanna don Phobal £850,000 ar an Chomhairle agus leis sin déanfar an tionscadal um athchóiriú agus athnuachan ar Pháirc Bhaile an Phointe a dhéanamh. Athosclófar an Pháirc i Samhradh na bliana seo, 2018, agus áireofar leis clár gníomhaíochtaí agus imeachtaí do mhuintir na háite agus do chuirteoirí araon.



## Ag obair le chéile don phobal ar fad

Is féidir linn cuid mhór a dhéanamh dár bpobal, dár n-oidhreacht agus dár dtimpeallacht, ach is féidir go leor eile a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí agus eagraíochtaí eile. Tá an t-ádh ar Chomhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin go bhfuil dea-chaidreamh oibre fadtéarmacha againn le go leor comhlachtaí éagsúla. Seo a leanas cuid de na tionscadail atá againn.

## Síocháin agus athmhuintearas á gcur chun cinn

D'éirigh linn £4.2m de mhaoiniú an Aontais Eorpaigh a fháil faoin Chlár Síocháin IV faoin sraith Plean Údaráis Áitiúil — Beyond Tolerance. Mar phríomh-chomhpháirtí sa chlár, tá an Chomhairle freagrach as Plean Gníomhaíochta Síocháin IV a chur ar fáil, plean arb é is aidhm leis an tsíocháin agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn, ag díriú ar na trí phríomhthéama 'Leanaí agus Daoine Óga', 'Spásanna agus Seirbhísí Roinnte' agus 'Caidrimh Dhearfacha a Thógáil'. Bainfear úsáid as an maoiniú chun réimse gníomhaíochtaí pobail a chur ar fáil, lena n-áirítear spórt, ealaíona, cultúr agus teanga.



## Limistéir Sáráilleachta Nádúrtha le haithint ar bhonn idirnáisiúnta

Tá Beanna Boirche, Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn, agus Baile Loch Cuan & Leath Cathail le clú idirnáisiúnta a bhaint amach mar Gheopháirc Dhomhanda UNESCO.

Ní thugtar ainmniúchán den chineál sin ach do limistéir a bhfuil gnéithe tábhachtacha geolaíocha ag roinnt leo ar bhonn idirnáisiúnta, agus leis an ainmniúchán seo bainfear leas as oidhreacht nádúrtha uathúil an cheantair chun turasóireacht inmharthana a chur chun cinn agus chun forbairt eacnamaíoch a spreagadh, rud atá mar thosaíocht do Straitéis Turasóireachta na Comhairle 2017-2020.

Leis na limistéir seo arna sainmhíniú mar limistéir sáráilleachta nádúrtha cuirfear an ceantar i ngrúpa ar leith ar fud an domhain. Faoi láthair tá 35 tír ann a roinneann 127 limistéir ainmnithe; agus ní bheidh sa suíomh áirithe ach an ceathrú suíomh den chineál sin atá le fáil ar oileán na hÉireann ar fad.

Tá gach deis ann faoi láthair chun

clú agus cáil a tharraingt ar an cheantar mar phríomhcheann scríbe do chuirteoirí áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus a bhfuil de radharcra ann leis an tírdhreach drámata bolcánach mar atá Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn, chomh maith le beanna eibhir Bheanna Boirche agus droimníní Bhaile Loch Cuan, agus is ar leas na ngnólachtaí agus na bpobal áitiúla a bheidh sé sin.

Ní féidir rómhór a dhéanamh de na sochair eacnamaíocha a éireoidh as sin nó — ar cheann de na buntáistí tábhachtacha a bhaineann leis an ainmniú mar Gheopháirc is ea nach bhfuil sé beartaithe go gcuirfeadh sin bac ar an fhorbairt ach go n-oibreodh sé as lámh a chéile leis na gnólachtaí agus leis an phobal.

Spreagfaidh sé gnólachtaí, daoine áitiúla agus eagraíochtaí le bheith ag tógáil agus ag obair i gcomhpháirtíocht chun oidhreacht suntasach an cheantair a mhargú agus a bhainistiú ar bhealach iomlánaíoch, ag tabhairt le chéile an chosaint, an t-oideachas agus forbairt inbhuanaithe.

## Infheistiú inár bpobail

Soláthraíonn Ciste Infheistíochta Sóisialta na hOifige Feidhmiúcháin an t-airgead don Chlár Fostaíochta 'Oibrigh Leis'. Tá sé mar aidhm ag an chlár seo ar fiú £2.7m é na coinníollacha sóisialta a fheabhsú agus fás eacnamaíoch a spreagadh i gcodanna de Thuaisceart Éireann ina bhfuil leibhéal ard bochtaineachta, dífhostaíochta agus faillí i gcoitinne.

Cuireann an Chomhairle an clár seo ar fáil dóibh siúd atá incháilithe ar an lúir, i bPort an Dúnáin, ar an Lorgain agus in Oileán an Ghuail agus soláthraítear leis 48 seachtain fostaíochta do 160 duine óg agus fásta. D'éirigh go maith leis: go dtí seo bhog 90 de na 125 duine a ghlac páirt ann isteach go fostaíocht leanúnach; rinneadh 500 clár pobail a sheachadadh agus bronnadh 352 cáilíocht creidiúnaithe ar rannpháirtithe.

Don bhliain 2017/18, bhronn an Chomhairle £1,371,924 chun thart ar 403 tionscadal pobail agus deonach a mhaoiniú. Tacóidh an maoiniú seo le réimse fairsing tionscadail pobail, ó thógálacha caipitil go scéimeanna samhraidh. Is é seo an tríú bliain den chlár cúnamh airgeadais agus táimid ag súil le go gcuirfidh líon mór grúpaí iarratas isteach air.



**Policing & Community  
Safety Partnership**

making Newry, Mourne & Down safer

## Soláthraíonn Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Póilíneachta agus Pobal (an CSPP) réimse clár um shábháilteacht pobal fud fad an cheantair.



Imeacht um Shábháilteacht ar Bhóithre i mBaile na hInse leis na himreoirí áitiúla rugbaí agus CLG.



Imeacht do Chomhordaitheoirí ar Fhaire Comharsanachta sa Chaisleán Nua.



Eachtraíocht Bheanna Boirche ag cuidiú le gníomhaíochtaí siamsaíochta a chur ar fáil do dhaoine óga.



Dráma dár teideal "Cuss the World" a thugann aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le fadhbanna drugaí agus alcóil.

Cuidíonn Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Póilíneachta agus Pobal (CSPPanna) le pobail a dhéanamh níos sábháilte agus a chinntiú go gcluintear guthanna na ndaoine áitiúla maidir le póilíneacht agus saincheisteanna um shábháilteacht pobal. Oibríonn siad i gcomhpháirtíocht chun réitigh a fhorbairt a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar choiriúlacht, ar an eagla a bhíonn ar dhaoine roimh an choireacht agus ar an iompar frithshóisialta. Oibríonn CSPP an Iúir, Mhúrn agus an Dúin go crua chun tionscadail a fhorbairt atá nuálach agus a léiríonn dea-chleachtas agus a chuidíonn lenár bpobail a dhéanamh níos sábháilte.

Roghnaítear na comhaltaí ón chomhairle áitiúil, ón phobal agus ó ghníomhaireachtaí reachtúla.

**Le teacht ar thuilleadh faisnéise, déan teagmháil le foireann CSPP an Iúir, Mhúrn agus an Dúin:**  
ríomhphost: [pcsp@nmandd.org](mailto:pcsp@nmandd.org)

Teach Uí Aogáin  
Rae Mhuineacháin  
An tIúr  
BT35 8DJ  
Teil: 0283031 3078

Ionad Cathartha an Dúin  
Eastát an Dúin  
Bóthar Ard Ghlais  
Dún Pádraig BT30 6GQ  
Teil: 0300 013 2233



@nmd\_pcsp



Newry, Mourne & Down PCSP





# Comhaltaí Tofa



An Clr. Harry Harvey  
Rudha Álainn  
M: 075 3181 5425



An Clr. Kate Loughran  
Sliabh gCuillinn  
M: 077 9556 1755



An Clr. Michael Savage  
An tIúr  
T: 078 08563 0704



An Clr. Mickey Larkin  
Sliabh gCuillinn  
T: 078 0124 7623



An Clr. Brian Quinn  
Na Beanna Boirche  
T: 077 2948 2660



An Clr. Sean Doran  
Na Beanna Boirche  
T: 075 1300 8344



An Clr. Michael Ruane  
Crotshliabh  
M: 077 6432 0317



An Clr. Terry Andrews  
Rudha Álainn  
T: 078 7999 8559



An Clr. Willie Clarke  
Na Beanna Boirche  
M: 077 6224 2345



An Clr. David Taylor  
Sliabh gCuillinn  
T: 077 3391 3021

# Comhaltaí Neamhspleácha



Linda Kelly  
Dún Pádraig



Grace McQuiston  
Na Beanna Boirche



Jude Cumiskey  
Crotshliabh



Fiona Stephens  
An tIúr



Declan Murphy  
Sliabh gCuillinn



Amy Ward  
Crotshliabh



Ewan Morgan  
An tIúr



Audrey Byrne  
Na Beanna Boirche



To be appointed

IS COMHBHAIL DEN CSPP IAD NA GNÍOMHAIREACHTAÍ COMPHÁIRTÍOCHTA AINMNITHE



# Athchúrsáil — Tá sé dlite orainn é a dhéanamh

Ó mhí Aibreáin 2017 ar aghaidh, tá athchúrsáil ar gach dramhbhia ina riachtanas dlíthiúil, ní féidir dramhbhia ar bith a dhiúscairt i d'araid bhruscair dhubh, caithfidh GACH dramhbhia dul isteach i d'araid bhruscair dhonn.

Agus daonra de 178,000 ina gcónaí i gComhairle Ceantair an Lúir, Mhúrn agus an Dúin, le linn mhí Aibreáin 2016 go Márta 2017, bhí 76,000 tona de dhramhaíl tí san iomlán ann; is ionann sin agus 9% den dramhaíl tí ar fad a bhíonn ann i dTuaisceart Éireann.

Déanaimid athchúrsáil ar 40% dár ndramhaíl tí, ach ní mór dúinn níos mó a dhéanamh. Éilítear sa reachtaíocht go ndéanfaimid 50% athchúrsáil faoi 2020, ag méadú go 65% faoi 2030. Tá an Chomhairle tiomanta don sprioc seo a bhaint amach agus i rith 2017 dhírigh muid ar an dramhbhia a chuirtear isteach mar dhramhaíl ghinearálta in araidí bruscair dubha a laghdú.

## Ar na straitéisí a bhí againn chun aghaidh a thabhairt air seo bhí:

- ✓ Dáileadh 30,000 araid bhruscair dhonn le haghaidh athchúrsáil ar dhramhbhia chuig gach teaghlach sa cheantar
- ✓ Cuireadh gach teaghlach ar an eolas faoin phlean chun dramhbhia a laghdú trí ghreamán 'Ná cuir dramhbhia ann' a chur ar gach araid bhruscair dhubh
- ✓ Teaghligh a spreagadh chun athchúrsáil a dhéanamh agus gan araid bhruscair dhubh a úsáid le haghaidh diúscairtha ach amháin i gcás nach bhfuil rogha ar bith eile ann


D'éirigh go maith leis an tionscadal um dhramhbhia agus mhéadaigh an

Chomhairle ar a ráta athchúrsála suas go 47% idir mí Aibreáin agus mí Mheán an Fhómhair 2017. Léirítear thíos na hathruithe suntasacha ar an méid dramhaíola a bailíodh in araidí bruscair dubha agus in araidí bruscair donna ó mhí Aibreáin go mí na Nollag 2017.


I mí Eanáir 2018, rinne an Chomhairle anailís a choimisiúnú ar chomhdhéanamh dramhaíola d'fhonn féachaint ar na catagóirí agus ar na céatadáin éagsúla dramhaíola atá á cur isteach in araidí dubha go fóill.

**Léiríonn na torthaí gur féidir níos mó athchúrsála a dhéanamh go fóill - d'fhéadfaí suas le 60% den dramhaíl in araidí bruscair dubha a athchúrsáil.**

**Graf 1: Dramhaíl ghinearálta in araidí bruscair dubha lena léirítear 11% de laghdú**



**Graf 2: Dramhbhia agus dramhaíl ghairdín in araidí bruscair donna lena léirítear méadú de 45%**



## Tá níos mó ann fóill gur féidir linn ar fad a dhéanamh:

Smaoinigh ar dtús, sula gcaithe tú rud éigin isteach in araid bhruscair dhubh — b'fhéidir go dtiocfaí é a chur isteach in araid bhruscair dhonn nó ghorm. B'fhéidir go bhféadfaí é a ghlacadh chuig d'ionad athchúrsála tí?

Déan rún do bhliain úr 'gan dramhaíl inathchúrsáilte a chur

isteach in araid bhruscair dhubh'. Tá an t-athchúrsáil maith do gach duine! Déantar dramhaíl in araid bhruscair dhonn a mhúiríniú agus úsáidtear é chun leasú a dhéanamh ar ithir. Tá sé go maith don chomhshaol agus cruthaítear leis fostaíocht.

Díreach chomh tábhachtach céanna, sábhálann athchúrsáil airgead ar féidir a úsáid le haghaidh seirbhísí eile na Comhairle.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin athchúrsáil, féach ar ár leathanach gréasáin ar [www.newrymourneanddown.org](http://www.newrymourneanddown.org)

# Comharsanachtaí atá níos sábháilte

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin freagrach as na mílte iarratas rialaithe foirgníochta agus iniúchtaí foirgníochta gach bliain. Fuair muid 3,221 iarratas anuraidh agus rinne muid 13,296 cigireacht ar shuímh.

Déanaimid monatóireacht agus iniúchadh ar dhul chun cinn na hoibre agus féadaimid cuidiú leis na dearthóirí, tógálaithe agus an phobal rialacháin a chomhlíonadh. Is é ar cheann eile dár bhfreagrachtaí ná foirgnimh contúirteacha a rialú. Éisíonn muid fógraí d'úinéirí na bhfoirgneamh contúirteacha ag éileamh orthu an dochar a bhaint as na foirgnimh.

Tá an Chomhairle freagrach freisin as cúrsaí ceadúnaithe — madraí, ionaid siamsaíochta agus stáisiúin pheitрил san áireamh. **Ón bhliain 2012** ní mór gach micrishlis a bheith i ngach madra ar a léirítear ainm agus seoladh an úinéara. Is breá linn madraí sa cheantar seo - an bhliain seo caite a d'eisigh muid

## 8,493 CEADÚNAS

Déanaimid stáisiúin pheitрил a iniúchadh agus a cheadúnú freisin chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na rialaithe sábháilteachta nuair a bhíonn táirge inadhaite den sórt sin á stóráil agus á dháileadh acu. Tá ról tábhachtach ag an Chomhairle maidir lena áirithiú go mbíonn na háiseanna cuí ag gach stáisiún peitрил agus go dtugann siad aire dóibh. Anuraidh d'eisigh muid

## 48

CEADÚNAS PEITRIL

## Cor Chinniúnach saoil a chur ar taifead

Nuair a dhéantar taifead ar chor chinniúnach sa saol - mar bhreith, bhás, phósadh nó chomhpháirtíocht shibhialta é — leis sin déantar taifead oifigiúil de na hócáidí is tábhachtaí inár saol. Tá Oifig an Chláraitheora sa Chomhairle freagrach as an tseirbhís thábhachtach seo a oibriú agus tá dhá shuíomh ann ar féidir leat dul i dteagmháil leo duine ar dhuine, ar an teiléafón, ar ríomhphost nó tríd an phost. Ní hamháin go bhfuil sé riachtanach na hócáidí tábhachtacha seo a thaifead go hoifigiúil, ach baintear úsáid as taifid oifigiúla go minic i gcúrsaí riaracháin, lena n-áirítear pas a fháil, le haghaidh uimhir árachais náisiúnta, aistriú réadmhaoine nó i gcúrsaí fostaíochta. Ina theannta sin, soláthraíonn an fhaisnéis a bhailítear faisnéis luachmhar staitistiúil le haghaidh taighde leighis agus sóisialta chomh maith le seirbhísí pleanála sna blianta atá amach romhainn. Tig leat sonraí teagmhála ár n-oifigí a fháil in Uimhreacha úsáideacha ar an leathanach deiridh.

Tá sé tábhacht go mbíonn na socruithe cuí i bhfeidhm sna ionaid siamsaíochta ar fad chun baol ó thine agus rioscaí sábháilteachta eile a bhainistiú, chomh maith le hardchaighdeán bhainistíochta a chothabháil. Déanaimid iniúchadh agus cinntimid go mbíonn siad seo ar fad i bhfeidhm, chomh maith le háiseanna fóirsteanacha árachais agus sláinteachais. Anuraidh, rinne muid próiseáil ar

## 238

IARRATAS AR CHEADÚNAS SIAMSAÍOCHTA.

## Cad é mar a D'éirigh Linn?

I gcomhréir le dualgas feidhmíochta na Comhairle, dheimhnigh an tIníochóir Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2017 gur chomhlíon an Chomhairle a cuid freagrachtaí feabhsaithe feidhmíochta.

Táimid tiomanta i dtreo ár gcuid seirbhísí a fheabhsú de shíor.

Seo thíos cuid de na buaicphointe feidhmíochta a bhain linn i mbliana:

| Na nithe ar thug muid fúinn a dhéanamh  | An méid a baineadh amach   |
|---|--|
| méadú 4% i líon na ndaoine a fhreastalaíonn ar ionaid fóillíochta faoi dhíon  | <b>55.1%</b> den sprioc bainte amach faoi Mheán Fómhair 2017   |
| 155 post a chur chun cinn trí ghnólachtaí nua-thionscanta   | baineadh amach <b>60%</b> den sprioc faoi mhí Lúnasa 2017  |
| laghdú sa dramhaíl a bhailítear in araidí bruscair dubha  | laghdú <b>7%</b> sa dramhaíl a bhailítear ó bhoscaí dubha bruscair faoi mhí Lúnasa 2017, i gcomparáid leis an méid a bailíodh ó Aibreán-Lúnasa 2016  |
| méadú sa dramhaíl a bhailítear ó bhoscaí donna bruscair   | méadú <b>29%</b> sa dramhaíl a bhailítear ó bhoscaí donna bruscair faoi Lúnasa 2017, i gcomparáid leis an méid a bailíodh ó mhí Aibreán- mí Lúnasa 2016  |
| méadú sa dramhaíl a bhailítear ó bhoscaí donna bruscair   | <b>7.4 seachtain</b> de fheabhas a cuireadh ar an achar ama ina ndearnadh próiseáil ar iarratais faoi mhí an Mheithimh 2017, i gcomparáid leis an tréimhse ó mhí Aibreán go mí an Mheithimh 2016 |
| Tacú le grúpaí deonacha agus pobail chun tionscadail a sheachadadh thar réimse téarmaí, lena n-áirítear scéimeanna samhraidh, soilse na Nollag agus forbairt pobail | Fuair <b>69%</b> den 552 iarratas a cuireadh isteach ar an scéim um maoiniú airgeadais go maith os cionn £1.3m de mhaoiniú   |
| Méadú i líon na scéimeanna Pobal ar Aire  | Faoi mhí an Mheithimh 2017, bhí méadú, <b>20%</b> ar líon na scéime thar thréimhse na bliana 2016/17.  |


Beidh muid ag dul i gcomhairle leat go luath maidir lenár bplean feabhsúcháin feidhmíochta a nuashonrú don bhliain seo chugainn agus fáiltímid roimh d'aiseolas, chomh maith le haon mholtaí atá agat féin, i dtaca le cén dóigh a dtig linn ár gcuid seirbhísí a fheabhsú amach anseo.

## Mar a chaitear do chuid airgid in 2017/18

| Seirbhís   | £'000          | Den Fhoriomlán |
|--|----------------|----------------|
| Bailiúchán Bruscair                              | £13,078        | <b>23</b>      |
| Ag maoiniú ár dtionscadal caipitil               | £8,605         | <b>15</b>      |
| Spórt agus Áineasa                               | £7,826         | <b>14</b>      |
| An Turasóireacht                                 | £3,765         | <b>7</b>       |
| Glantachán eile agus Áiseanna Poiblí             | £3,556         | <b>6</b>       |
| Folláine Chomhshaoil                             | £3,313         | <b>6</b>       |
| Seirbhísí Pobail                                 | £2,588         | <b>5</b>       |
| Cultúr agus Oidhreacht                           | £2,577         | <b>5</b>       |
| Ionadaíocht Daonlathach agus Bainistíocht        | £2,467         | <b>4</b>       |
| Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tuaithe an AE | £2,003         | <b>4</b>       |
| Seirbhísí Eile                                   | £1,851         | <b>3</b>       |
| Mionobreacha/Ceadúnú/Reiligí                     | £1,554         | <b>3</b>       |
| Pleanáil   | £910           | <b>2</b>       |
| Rialú Foirgníochta                               | £795           | <b>1</b>       |
| Diúscairt Dramhaíola                             | £512           | <b>1</b>       |
| Pleanáil Phobail                                 | £481           | <b>1</b>       |
| <b>FORIOMLÁN</b>                                 | <b>£55,881</b> | <b>100</b>     |

# Mar a Chaitear do Chuid Airgid in 2017/18


## 2017/18 Costas na Seirbhísí in aghaidh an teaghlaigh



### Costas bunaithe ar mheánshuim £780 in aghaidh an teaghlaigh gach bliain

- Bailiúchán Bruscair (£183)
- Ag maoiniú ár dtionscadal caipitil (£120)
- Spórt agus Áineasa (£109)
- An Turasóireacht (£53)
- Glantachán eile agus Áiseanna Poiblí (£50)
- Folláine Chomhshaoil (£46)
- Seirbhísí Pobail (£36)
- Cultúr agus Oidhreacht (£36)
- Ionadaíocht Daonlathach agus Bainistíocht (£34)
- Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tuaithe an AE (£28)
- Seirbhísí Eile (£26)
- Mionoibreacha/Ceadúnú/Reiligi (£22)
- Pleanáil (£13)
- Rialú Foirgníochta (£11)
- Diúscairt Dramhaíola (£7)
- Pleanáil Phobail (£7)

## Buiséad 2017/18



### Costas Seirbhíse £'000

- Bailiúchán Bruscair (£13,078)
- Ag maoiniú ár dtionscadal caipitil (£8,605)
- Spórt agus Áineasa (£7,826)
- An Turasóireacht (£3,765)
- Glantachán eile agus Áiseanna Poiblí (£3,556)
- Folláine Chomhshaoil (£3,313)
- Seirbhísí Pobail (£2,588)
- Cultúr agus Oidhreacht (£2,577)
- Ionadaíocht Daonlathach agus Bainistíocht (£2,467)
- Forbairt Eacnamaíoch agus Forbairt Tuaithe an AE (£2,003)
- Seirbhísí Eile (£1,851)
- Mionoibreacha/Ceadúnú/Reiligi (£1,554)
- Pleanáil (£910)
- Rialú Foirgníochta (£795)
- Diúscairt Dramhaíola (£512)
- Pleanáil Phobail (£481)

# Do chuid Comhairleoirí

## Crotshliabh



**Michael Carr, SDLP**  
michael.carr@nmandd.org



**Gillian Fitzpatrick, SDLP**  
gillian.fitzpatrick@nmandd.org



**Declan McAteer, SDLP**  
declan.fitzpatrick@nmandd.org



**Oksana McMahon, Sinn Féin**  
oksana.mcmahon@nmandd.org



**Mickey Ruane, Sinn Féin**  
mickey.ruane@nmandd.org



**Jarleth John Tinnelly, Independent**  
jarleth.tinnelly@nmandd.org

## Dún Pádraig



**Naomi Bailie, Sinn Féin**  
naomi.bailie@nmandd.org



**Dermot Curran, SDLP**  
dermot.curran@nmandd.org



**Cadogan Enright, Independent**  
cadogan.enright@nmandd.org



**Gareth Sharvin, SDLP**  
gareth.sharvin@nmandd.org



**John Trainor, SDLP**  
john.trainor@nmandd.org

## An tIúr



**Charlie Casey, Sinn Féin**  
charlie.casey@nmandd.org



**Valerie Harte, Sinn Féin**  
valerie.harte@nmandd.org



**David Hyland, Independent**  
david.hyland@nmandd.org



**Liz Kimmins, Sinn Féin**  
liz.kimmins@nmandd.org



**Michael Savage, SDLP**  
michael.savage@nmandd.org



**Gary John Stokes, SDLP**  
gary.stokes@nmandd.org

## Rudha Álainn



**Terry Andrews, SDLP**  
terry.andrews@nmandd.org



**Patrick Brown, Alliance**  
patrick.brown@nmandd.org



**Robert Burgess, UUP**  
robert.burgess@nmandd.org



**Harry Harvey, DUP**  
harry.harvey@nmandd.org



**William Walker, DUP**  
william.walker@nmandd.org

## Sliabh Crúibe



**Stephen Burns, Sinn Féin**  
stephen.burns@nmandd.org



**Garth Craig, DUP**  
garth.craig@nmandd.org



**Mark Murnin, SDLP**  
mark.murnin@nmandd.org



**Andrew McMurray, Alliance**  
andrew.mcmurray@nmandd.org



**John Rice, Sinn Féin**  
john.rice@nmandd.org

## Sliabh gCuillinn



**Pete Byrne, SDLP**  
pete.byrne@nmandd.org



**Kate Loughran, SDLP**  
kate.loughran@nmandd.org



**David Taylor, UUP**  
david.taylor@nmandd.org



**Terry Hearty, Sinn Féin**  
terry.hearty@nmandd.org



**Roisin Mulgrew, Sinn Féin (Chairperson)**  
roisin.mulgrew@nmandd.org



**Mickey Larkin, Sinn Féin**  
mickey.larkin@nmandd.org



**Barra Ó Muirí, Sinn Féin**  
barra.omuirí@nmandd.org

## Na Beanna Boirche



**Willie Clarke, Sinn Féin (Deputy Chairperson)**  
willie.clarke@nmandd.org



**Glyn Hanna, DUP**  
glyn.hanna@nmandd.org



**Henry Reilly, Independent**  
henry.reilly@nmandd.org



**Laura Devlin, SDLP**  
laura.devlin@nmandd.org



**Jill Macauley, UUP**  
jill.macauley@nmandd.org



**Sean Doran, Sinn Féin**  
sean.doran@nmandd.org



**Brian Quinn, SDLP**  
brian.quinn@nmandd.org

Tá an chaipéis seo nó achoimre ar an chaipéis seo ar fáil, arna iarraidh, i bhformáidí eile, lena n-áirítear, Braille, i gcló mór, ar chlostéip agus i dteangacha eile.

Má bhíonn tú ag iarraidh teacht ar na seirbhísí seo, déan teagmháil leis an oifig cumarsáide agus margaíochta ar 028 4461 0841 nó seol ríomhphost chuig [marketing@nmandd.org](mailto:marketing@nmandd.org)

# Uimhreacha Úsáideacha

## IONAID EALAÍON AGUS IARSMALANNA

**Ionad Ealaíon an Dúin**  
Dún Pádraig  
028 4461 0747

**Iarsmalann an Dúin**  
Dún Pádraig  
028 4461 5218

**Iarsmalann an Iúir & an Mhúrn**  
Caisleán Bhagenal, an tIúr  
028 3031 3182

**Teach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin**  
An tIúr  
028 3031 3180

## IONAID PHOBAIL

**Baile na hInse**  
028 9756 1950

**An Sruthán**  
028 3083 9666

**Ionad an Droichid**  
Cill Ó Laoch  
028 4482 8648

**Caisleán Uidhilín**  
028 4377 0007

**An Chloch Riabhach**  
028 3083 8454

**Crois Mhic Linnáin**  
028 3086 1949

**Halla Dan Rice**  
Droim an Easa  
028 9756 1449

**Teach an Mhargaidh**  
Baile na hInse  
028 9756 4050

## PÁIRCEANNA TUAITHE

**Páirc Foraoise Chaisleán Uidhilín**  
028 4377 8664

**Páirc Thuaithe Delamont**  
028 4482 8333

**Páirc Chill Bhrónaí**  
028 4173 8134

**Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn**  
028 3031 3170

## IONAID ATHCHÚRSÁLA TÍ

**Teileafón: 0300 013 2233**

Aughnagun  
Achadh na gCon  
Baile Mhic Catháin, Baile na hInse  
Bóthar na Banna, Caisleán Uidhilín  
Camloch  
Bóthar Chluanaí, Dún Pádraig  
Crois Mhic Linnáin  
Dromann Uí Cheallaigh  
Baile Hill  
Cill Chaoil  
An tIúr  
Baile Úr  
An Pointe

## IONAD FÓILLÍOCHTA

**Ionad Sláinte agus Folláine Bhaile an Mhóta**  
Dún Pádraig  
028 4461 2919

**Ionad Fóillíochta an Dúin**  
Dún Pádraig  
028 4461 3426

**Ionad Fóillíochta Chill Chaoil**  
028 4176 4666

**Ollionad an Chaisleáin Nua ina bhfuil Tropicana, Lochán Carraige agus Páirc an Chaisleáin**  
028 4372 5034

**Ionad Fóillíochta an Iúir**  
028 3031 3190

**Lárlionad Spóirt Choláiste Cholmáin**  
An tIúr  
028 3025 6166

## IONAID EOLAIS DO CHUAIROIRÍ

**Crois Mhic Linnáin**  
028 3086 8900

**Cill Chaoil**  
028 4176 2525

**An tIúr**  
028 3031 3170

**An Caisleán Nua**  
028 4372 2222

**Dún Pádraig**  
028 4461 2233

**Sliabh gCuillinn**  
028 3084 8190

**Halla Baile & Oifig Turasóireachta an Phoainte**  
028 4175 2256

## SONRAÍ TEAGMHÁLA ÚSÁIDEACHA EILE

**Teileafón: 0300 013 2233**

Rialú Foirgníochta  
Bailiúchán na Dramhaíola Téagartha Reiligí  
Loch Inse, Baile na hInse  
Cnoc na Manach, An tIúr  
An tSruthail, Dún Pádraig  
Ros Treabhair  
An Phoainte  
Gearáin  
Rialú Madraí  
Folláine Chomhshaoil & Leas Ainmhithe  
Ceadúnú

**Oifig Pleanála**  
0300 200 7830

Comhpháirtíocht Póilíneachta & Sábháilteachta Pobail  
Rialú Truailithe  
Áiseanna Poiblí  
Athchúrsáil  
Bailiúchán Bruscair  
Oifig Chlárúcháin (Breitheanna, Básanna agus Póstaí)  
Glanadh Sráide  
Diúscairt Dramhaíola

[www.newrymournedown.org](http://www.newrymournedown.org)